Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2017
(OR. en)**

**9080/17**

| | |
|---|---|
| **FREMP 58** | **COPEN 141** |
| **JAI 411** | **EJUSTICE 62** |
| **COHOM 60** | **FRONT 210** |
| **CATS 42** | **GENVAL 54** |
| **CULT 59** | **INF 90** |
| **EDUC 179** | **DAPIX 178** |
| **EMCO 4** | **SAN 193** |
| **SOC 332** | **ANTIDISCRIM 22** |
| **COSI 97** | **DROIPEN 59** |
| **VISA 168** | **TELECOM 114** |
| **SCHENGEN 19** | **TRANS 175** |
| **COMPET 332** | **JEUN 63** |
| **COCON 12** | **JUSTCIV 105** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Bealtaine 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8028/1/17 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2017 (glacadh 11 Bealtaine 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2017, a ghlac an Chomhairle ag an 3533ú cruinniú dá cuid ar an 11 Bealtaine 2017.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2017**

## *1. Réamhrá*

Trí urramú dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus chearta an duine, ar a n-áirítear cearta na ndaoine a bhaineann le mionlaigh agus trí chaoinfhulaingt agus urramú na héagsúlachta cultúir agus teanga, atreisítear slí bheatha mhuintir na hEorpa, rud atá ríthábhachtach ó thaobh féiniúlacht Eorpach a mhúnlú.

Is cuid bhunriachtanach den fhéiniúlacht Eorpach í saoránacht AE. Sa chomhthéacs sin luann an Chomhairle conclúidí 2013 dá cuid an athuair[1]. Is príomhthosaíochtaí i gcónaí ag an Aontas iad cearta saoránachta AE a chur chun cinn, a chosaint agus a neartú, agus ba cheart iad a atreisiú.

Is mór ag an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme na dtosaíochtaí a leagtar amach i dTuarascáil 2013 ar Shaoránacht AE agus aithníonn sí na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit chun cearta AE, luachanna coiteanna agus dlúthpháirtíocht idir Eorpaigh a chur chun cinn, ag cothú muinín shaoránaigh na hEorpa as an tionscadal comhchoiteann Eorpach.

Is mór ag an gComhairle an Tuarascáil a thug an Coimisiún in 2017 ar Shaoránacht AE[2] mar threochlár don tréimhse 2017-2019 a raibh na tosaíochtaí seo a leanas go háirithe léirithe inti:

a) cearta saoránachta AE agus luachanna coiteanna AE a chur chun cinn, a chosaint agus a neartú, agus feachtas fadréimseach de mhúscailt na feasachta a bheith mar chuid den mhéid sin;

b) rannpháirtíocht na saoránach i saol daonlathach AE a mhéadú agus a fheabhsú;

c) saol laethúil saoránach AE a shimpliú, go háirithe trí fháil réidh le bacainní dlíthiúla, bacainní nós imeachta agus bacainní teicneolaíocha; agus

[1] 16187/13.
[2] 5549/17 REV 1.

d) slándáil a neartú agus comhionannas a chur chun cinn agus gach duine san Aontas a chosaint ar idirdhealú.

2. Cuireann an Chomhairle in iúl nach mór d'institiúidí uile agus do Bhallstáit uile na hEorpa cur le chéile chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ós rud é gur sprioc choiteann é agus freagracht chomhpháirteach um chearta na n-Eorpach a áirithiú i gcleachtas

Maidir leis an gComhairle

***2.1 iarrann sí ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:***

na tosaíochtaí a leagtar amach sa Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2017 a shaothrú tuilleadh agus leanúint dá iarrachtaí saoránacht AE a chur chun cinn, fáil réidh le bacainní ar theachtadh a gcuid ceart AE ag saoránaigh AE, agus an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

a) leanúint de thacú leis na cláir[3] lena maoinítear gníomhaíochtaí trína gcuirtear eolas agus feasacht ar na cearta a eascraíonn as saoránacht AE agus as na luachanna is bun léi chun cinn, leanúint de na gníomhaíochtaí sin a fhorbairt agus den éifeacht is fearr is féidir a bheith acu a áirithiú;

b) feachtas múscailte faisnéise agus feasachta a chur ar bun ar fud an Aontais in 2017-2018 maidir le cearta saoránachta AE, a mbeidh cosaint chonsalach agus cearta toghcháin san áireamh leis agus a gcuirfear i gcrích roimh na toghcháin Eorpacha 2019 é;

c) leanúint d'fhaireachán agus de mheasúnú a dhéanamh le fáil amach an bhfuil gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ionas gur fearr a bheidh cosaint agus cur chun cinn na gceart a eascraíonn as saoránacht AE agus as na luachanna is bun léi;

d) cuir leis an idirphlé leis na saoránaigh agus díospóireachtaí poiblí a spreagadh, a mbeidh baint ag cainteoirí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla leo, a mhéid is féidir, chun go n-éascófar agus go bhfeabhsófar an tuiscint atá ag an bpobal ar éifeacht an Aontais ar a saol laethúil;

---

3 Ar a n-áirítear an Clár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht agus an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach.

e) rannpháirtíocht na saoránach sa saol daonlathach a chur chun cinn agus a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a áireamh:

   i) an dea-chleachtas a chuirtear chun feidhme sna Ballstáit a chur chun cinn chun cabhrú le saoránaigh vóta a chaitheamh nó seasamh sna toghcháin AE agus a mheas arbh fhéidir foirm chaighdeánach ilteangach a fhorbairt chun go n-éascófar malartú mear faisnéise idir na pointí teagmhála, arna n-ainmniú ag na Ballstáit, faisnéis faoin gceart atá ag saoránaigh seasamh mar iarrthóirí tráth a gcónaíonn siad i mBallstát eile, de réir mar a dtagraítear dó sin i mír 2 agus i mír 3 d'Airteagal 6 de Threoir 93/109/CE (arna leasú le Treoir 2013/1/AE);

   ii) rochtain thrasteorann ar nuacht pholaitiúil,

   iii) bearta sonracha lena gcothófar caitheamh vóta ag líon mór daoine, lena n-áirítear grúpaí vótálaithe atá faoi ghannionadaíocht, amhail, mar shampla, vótálaithe céaduaire agus mná;

f) tátal a bhaint, go gasta, as an bpróiseas leathan athbhreithnithe do thionscnamh Eorpach na saoránach (TES) a tháinig i ndiaidh na céad tuarascála ar an gcur chun feidhme agus moltaí a chur i láthair a mbeidh sé mar aidhm leo TES a fheabhsú agus feabhas a chur ar a sholáimhsithe is atá na TESanna, le bearta praiticiúla agus dlíthiúla araon, go háirithe a mhéid a bhaineann le forálacha teicniúla, e.g. amlínte, agus ranníocaíochtaí ó institiúidí, ó na Ballstáit agus ón tsochaí shibhialta á gcur san áireamh. Ba cheart léiriú a thabhairt ar TES agus ar an dul chun cinn ina leith sa chéad tuarascáil eile ar shaoránacht;

g) an dea-shampla a leagadh síos i dTuarascáil 2017 ar Shaoránacht AE a leanúint agus na doiciméid a bhaineann léi a fhoilsiú sna teangacha oifigiúla uile ionas go mbeidh saoránaigh ar fud an Aontais in ann na doiciméid sin a léamh ina dteangacha dúchais;

h) leanúint dá iarrachtaí lena áirithiú go bhfeidhmeoidh na rialacha atá ann cheana maidir leis an dlí sibhialta ar bhealach níos fearr, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na nithe a leanas:

   i) comharbais idirnáisiúnta trí leanúint d'fheasacht a mhúscailt maidir le feidhmiú ceart éifeachtúil rialacha an Aontais maidir le comharbais,

ii) tríú stáit a spreagadh chun aontú do Choinbhinsiún 1980 na Háige ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí agus chun é a chur chun feidhme go héifeachtach;

i) cuimsiú sóisialta agus soghluaisteacht daoine óga ar fud na hEorpa a chothú trí chláir amhail Erasmus+ agus an tSeirbhís Dheonach Eorpach a fhorbairt, a chur chun cinn agus a neartú;

j) forbairt ghairmiúil múinteoirí a chothú [...], lena n-áirítear trí ardáin ar líne a chur ar fáil ar mhaithe le dea-chleachtais a roinnt agus le tionscadail chomhpháirteacha trasteorann a fhorbairt i measc piaraí (an Tairseach 'School Education [Oideachas Scoile]', 'Teacher Academy [Acadamh do Mhúinteoirí]', 'Open Education' Europe ['Oideachas Oscailte' san Eoraip], e-Twinning [r-Nascadh]);

k) idir-inoibritheacht a éascú tuilleadh agus taisteal ilmhódach a chur chun cinn ar fud an Aontais chun go mbeidh soghluaisteacht saoránaigh an Aontais, daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe san áireamh, níos éifeachtúla agus níos fusa, trí fheabhsúcháin a dhéanamh ar idir-inoibritheacht agus ar chomhoiriúnacht na gcóras agus na seirbhísí, agus trí rochtain tríú páirtí ar thicéid a chur chun cinn;

l) slándáil na saoránach a neartú trí leanúint de thacú le cur chun feidhme an Chláir Oibre Eorpaigh maidir leis an tSlándáil agus trí fheabhas a chur ar shlándáil na ndoiciméad céannachta, cónaithe agus taistil, i gcás inar gá;

m) leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chúrsaí lena áirithiú go gcuirfear rialacha de chuid an Aontais, go háirithe an Treoir maidir le Cearta Íospartach, 2012 agus an Treoir Frithgháinneála, 2011, chun feidhme go cuí ionas gur féidir leis na híospartaigh a bheith ag brath go hiomlán ar a gcearta i gcleachtas;

n) an tionscnamh a chur i láthair chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le cothromaíocht oibre is saoil do theaghlaigh atá i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, mar a fógraíodh i gClár Oibre an Choimisiúin agus chun comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn;

o) moladh do shaoránaigh AE leas a bhaint as na huirlisí atá ann cheana le rochtain a fháil ar dhoiciméid institiúidí AE, (go háirithe na cláir phoiblí a cruthaíodh de bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001)[4];

***2.2 iarrann sí ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:***

a) saoránacht AE agus na luachanna agus na cearta a ghabhann leis sin a chur chun cinn, agus ról chomh mór agus is féidir á thabhairt don tsochaí shibhialta, agus tacaíocht a thabhairt do shaoránaigh AE agus na cearta sin á dteachtadh acu;

b) tacú, roimh thoghcháin Eorpacha 2019, leis an bhfeachtas múscailte faisnéise agus feasachta ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le cearta saoránachta AE agus a bheith rannpháirteach san fheachtas sin, cearta maidir le cosaint chonsalach agus cearta toghcháin san áireamh;

c) feabhas a chur ar rannpháirtíocht na saoránach i próiseas daonlathach AE, mar shampla trí fhaisnéis níos fearr a thabhairt dóibh faoina gcearta vótála i dtoghcháin áitiúla agus i dtoghcháin Eorpacha agus trí bhacainní maidir lena rannpháirtíocht a bhaint;

d) gníomhú i gcomhréir le prionsabail an chomhair dhílis agus urraim a thabhairt do na teorainneacha a leag an Chúirt Bhreithiúnais síos agus náisiúntacht á deonú nó á baint aici (saoránacht AE a dheonú nó a bhaint ar an gcaoi sin);

e) a áirithiú go ndéanfar an Treoir maidir leis na bearta comhordúcháin agus comhair le cosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh de chuid an Aontais i dtríú tíortha nach bhfuil ionadaí dá dtír féin iontu a thrasuí go cuí, tráthúil[5];

4 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO L 145, 31.5.2001, lch. 43–48.

5 Treoir (AE) Uimh. 2015/637 maidir le bearta comhordúcháin agus comhair le cosaint chonsalach a éascú do shaoránaigh de chuid an Aontais i dtríú tíortha nach bhfuil ionadaí dá dtír féin iontu agus lena n-aisghairtear Cinneadh 95/553/CE, IO L 106, 24.4.2015, lch 1-13.

f) cabhair níos fearr a thabhairt do shaoránaigh AE agus iad i mbun taistil trína áirithiú go gcuirfidh na húdaráis áitiúla san áireamh na ceanglais shimplithe maidir le doiciméid phoiblí áirithe a chur i láthair[6], mar shampla trí dhoiciméid a thíolacadh ar líne, agus trí dheireadh a chur leis an ró-mhaorlathas sa dlí teaghlaigh trí na bearta riachtanacha a chur ar bun ar mhaithe leis an leanbh;

g) tacú leis an gCoimisiún a thogra chun tairseach aonair dhigiteach a bhunú lena dtabharfar rochtain ar fhaisnéis maidir le cearta agus oibleagáidí i ndáil leis an margadh aonair agus a áirithiú go bhféadfar an chuid is mó de na nósanna imeachta tábhachtacha do shaoránaigh agus do ghnó a fheidhmiú ar líne, agus go bhféadfaidh úsáideoirí trasteorann leas a bhaint as na nósanna imeachta sin fosta;

h) aitheantas frithpháirteach cinntí agus breithiúnas in ábhair shibhialta agus choiriúla a fheabhsú;

i) tacú leis an gCoimisiún uirlisí a chur ar fáil do shaoránaigh agus do dhlíodóirí, chun feasacht a mhúscailt agus feidhmiú dhlí an Aontais i réimse an cheartais shibhialta a éascú, go háirithe tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtala;

j) féachaint an bhféadfaí cearta daoine a threisiú, go háirithe cearta leanaí, i nósanna imeachta chun forghníomhú breithiúnas a éascú sa dlí teaghlaigh agus in ábhair shibhialta agus thráchtála a bhfuil impleachtaí trasteorann acu[7];

k) plean AE don Óige 2016-2018 a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, go háirithe gníomhaíochtaí lena ndírítear ar shaoránacht ghníomhach a chothú agus gníomhaíochtaí chun go mbeidh gach duine óg níos rannpháirtí i saol daonlathach, sibhialta, Eorpach[8];

---

6 Rialachán (AE) Uimh. 2016/1191 an 6 Iúil 2016 maidir le saorghluaiseacht saoránach a chur chun cinn trí shimpliú a dhéanamh ar na ceanglais a bhaineann le doiciméid phoiblí áirithe a chur i láthair san Aontas Eorpach, IO L 200, 26.7.2016, lch 1-136.

7 I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-18 Márta 2016 (EUCO 79/14).

8 I gcomhréir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Óige do 2016-2018, IO 2015/C 417/01.

l) forbairt scileanna, oideachas trasteorann, oiliúint agus taithí maidir le hobair dheonach a chur chun cinn[9] agus cabhrú le bacainní a bhaint do mhic léinn, d'oiliúnaithe, do mhúinteoirí agus d'oibreoirí eile, ar fud an Aontais, trí thuiscint níos fearr agus trí thrédhearcacht scileanna agus cáilíochtaí;

m) agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus do chosaint sonraí pearsanta, Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020[10] a chur chun feidhme go héifeachtach;

n) teachtaireacht níos láidre a thabhairt i ndáil le neamhfhulaingt ar gach uile chineál foréigin in aghaidh na mban[11], agus tacú leis an tionscnamh ón gCoimisiún an bhliain 2017 a dhíriú ar dhul i ngleic leis an bhforéigean in aghaidh na mban;

o) a n-oibleagáidí agus a ngealltanais a chomhlíonadh i ndáil leis an idirdhealú a chomhrac, bíodh an t-idirdhealú sin bunaithe ar aon fhoras, lena n-áirítear inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach;

p) céimeanna breise a ghlacadh chun feabhas a chur, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, ar chuimsiú agus ar chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta na Romach san Aontas Eorpach[12].

---

[9] I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le hinfheistiú in aos óg na hEorpa go háirithe i dtaca leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach (5860/17).

[10] 9798/15.

[11] I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle a glacadh in 2010 agus in 2014 (maidir leis an bhforéigean in aghaidh na mban san Aontas Eorpach a dhíothú agus maidir le dul i ngleic ar bhealach níos fearr leis an bhforéigean in aghaidh na mban le gur fearr a bheidh an cosc air agus maidir le cúram a thabhairt d'íospartaigh an fhoréigin sin laistigh de raon feidhme fhorfheidhmiú an dlí) (9543/2014).

[12] Ag obair faoi chreat AE do straitéisí náisiúnta maidir le lánpháirtiú na Romach suas go 2020 (IO C 258, 2.9.2011, lch 6) agus i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear, na cinn is déanaí, an moladh ón gComhairle a glacadh in 2013 (IO C 378, 24.12.2013, lch 1) agus na conclúidí ón gComhairle a glacadh in 2016 (15406/16).